# Eisiúint do na Meáin – Seachadadh agus úsáid bhonneagar fisiciúil Brexit

**20 Aibreán 2026**

D’fhoilsigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuarascáil inniu maidir leis an úsáid a baineadh as acmhainní poiblí le linn chlár bonneagair Brexit a bheith á sheachadadh agus an chaoi ar úsáideadh an bonneagar a seachadadh. D’fhorbair Oifig na nOibreacha Poiblí an bonneagar, ag feidhmiú mar ghníomhaire do chomhlachtaí poiblí a raibh an tionchar ba mhó ag Brexit ar a n-oibríochtaí i.e. Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM); agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).

## Cás gnó an chláir

D’oibrigh na gníomhaireachtaí lena mbaineann as lámha a chéile ar phleanáil do bhonneagar Brexit in aghaidh chúlra an-éiginnte maidir le cén cruth a bheadh ar Brexit, agus cé na saoráidí a bheadh ag teastáil agus cén uair a bheidís ag teastáil.

Roimh Brexit, tharla trádáil earraí idir ballstáit an Aontais Eorpaigh – lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe (RA) – gan srianadh, agus níor theastaigh dearbhuithe custaim ná rialuithe iompórtála amhail earraí a chur i láthair lena scrúdú. Dá bhrí sin, bhí dúshlán roimh na gníomhaireachtaí a raibh an tionchar ba mhó ag Brexit ar a n-oibríochtaí maidir le meastachán a dhéanamh ar shonraíochtaí na saoráidí a bheadh ag teastáil tar éis Brexit maidir le seiceálacha rialaithe AE sonracha.

Sonraíodh méid agus scála na saoráidí a bhí le soláthar i gcás gnó a ullmhaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2018. Níor tugadh faisnéis agus anailís ábhartha sa chás gnó chun míniú a thabhairt ar conas nó cén fáth ar thángthas ar na sonraíochtaí le haghaidh gach saoráide, mar shampla, maidir leis na sonraíochtaí le ham próiseála/idirthurais thrácht an chalafoirt lena bhfuil coinne.

## Seachadadh an Chláir Bhonneagair

Cuireadh de chúram ar Oifig na nOibreacha Poiblí an clár bonneagair a sheachadadh, ina raibh 27 tionscadal bonneagair fhisicigh le forbairt i gCalafort Bhaile Átha Cliath (19 dtionscadal), i Ros Láir/Cill Ruáin (seacht dtionscadal) agus ag Aerfort Bhaile Átha Cliath (tionscadal amháin). Cuireadh tús leis an obair go luath in 2019 agus soláthraíodh na tionscadail agus tháinig siad i bhfeidhm thar an tréimhse 2019 go 2022.

Maidir le mórthionscadal níos fadtéarmaí chun Eoraphort Ros Láir a athfhorbairt (curtha i gcrích Deireadh Fómhair 2025) chun freastal ar líon níos mó tráchta agus chun rialacháin AE a chomhlíonadh, bhí sé lasmuigh de raon feidhme an scrúdaithe.

## Coimisiúnú na dtionscadal bonneagar

Chun am a shábháil ar sheachadadh na dtionscadal, bhain Oifig na nOibreacha Poiblí leas as seirbhísí conraitheora tógála a bhí fostaithe aige cheana féin faoi chonradh chun réadmhaoin Rialtais timpeall ar Bhaile Átha Cliath a dheisiú agus a chothabháil, agus le haghaidh miontionscadail tógála (suas le €750,000 an ceann).

Nuair a socraíodh an conradh i mí Dheireadh Fómhair 2018 é, ba é luach réamh-mheasta an chonartha cothabhála ná €15 milliún (gan CBL a áireamh) thar thréimhse trí bliana (agus foráil sa chonradh maidir

le síneadh bliana breise). Ba é €125 milliún an t-olltoradh ar chaiteachas faoin gconradh go dtí deireadh 2023, lena n-áirítear costas oibreacha bonneagair Brexit.

Ní raibh ach thart ar cheathrú cuid (27%) de chaiteachas tógála Brexit de €71.2 milliún bunaithe ar sceideal na rátaí a comhaontaíodh don chonradh cothabhála. Rinneadh na hoibreacha eile a phraghsáil lasmuigh de sceideal rátaí an chonartha.

Chomh maith leis na costais tógála, bhain costais eile freisin d'Oifig na nOibreacha Poiblí, mar shampla costais láithreáin, CBL ar thógáil, táillí suirbhéara cainníochta agus táillí gairmiúla eile, costais feistithe, etc. Bhí an caiteachas comhiomlán a thaifead Oifig na nOibreacha Poiblí maidir leis na 27 dtionscadal beagán faoi bhun €108 milliún, CBL san áireamh.

Chionroinn OPW na costais idir na gníomhaireachtaí urraíochta. Ní thugtar mionsonraí leordhóthanacha san anailís a chuir OPW ar fáil chun gur féidir oiriúnacht na cionroinnte a fhíorú.

## Úsáid na Saoráidí Brexit

Léiríonn obair allamuigh scrúdaithe agus anailís ar shonraí ábhartha a chuir na gníomhaireachtaí urraíochta ar fáil go bhfuil tearcúsáid á baint as go leor de shaoráidí bonneagair Brexit.

Léiríonn an tearcúsáid faoi láthair go raibh comhaontú Brexit a tháinig sa deireadh thiar níos neamhurchóidí ná mar a bhí coinne leis nó pleanáilte dó. Féadfar an tearcúsáid a mhíniú go páirteach freisin mar gheall ar obair for-rochtana trádálaithe a dhéanann gníomhaireachtaí Stáit agus do na hathruithe tapa ar an teicneolaíocht, ar phatrúin trádála agus ar shlabhraí soláthair. D'fhéadfadh sé go raibh dúshláin ag baint le measúnú cruinn a dhéanamh ar na riachtanais bhonneagair in éagmais sonraí mionsonraithe ar a mbunófaí ceanglais ina bhfachtóir freisin.

Tá gá le hathmheastóireacht leanúnach ar bhonneagar Brexit chun a chinntiú go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as na saoráidí atá ar fáil go tráthúil. Tá cuid de na saoráidí a cuireadh ar fáil trí thionscadail Brexit fágtha cheana féin ag na gníomhaireachtaí urraíochta.

D'fhostaigh Oifig na nOibreacha Poiblí sainchomhairleoirí chun measúnú straitéiseach a dhéanamh ar gach saoráid Stáit ag Calafort Bhaile Átha Cliath. Tá an phleanáil ag dul ar aghaidh freisin maidir leis an úsáid a bhainfear amach anseo as an láithreán atá faoi úinéireacht an Stáit i gCill Ruáin, nach mbeidh de dhíth níos mó a luaithe a bheidh an críochfort nua in Eoraphort Ros Láir ag feidhmiú go hiomlán.

## Nótaí le haghaidh Eagarthóirí

Is oifigeach bunreachtúil neamhspleách é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus tá sé freagrach as cistí poiblí a iniúchadh. Tuairiscíonn sé chuig Dáil Éireann.

Chuir an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an tuarascáil seo i gcrích an 31 Nollaig 2025. Faoi alt 11 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin an 20 Eanáir 2026, agus b'éigean í a chur faoi bhráid Dháil Éireann faoin 20 Aibreán 2026.

https://www.audit.gov.ie/en/publications/special%20reports/special-report-119-brexit-physical-infrastructure-delivery-and-use.html

Ba cheart fiosrúcháin faoin tuarascáil a chur chuig Orla Duane ag (01) 863 8617 nó pressrelease@audit.gov.ie